Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0060

Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh a cheapadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2026 maidir leis an moladh ón gComhairle chun Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh a cheapadh (N10-0003/2026 – C10-0018/2026 – 2026/0801(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 (N10-0003/2026)[1],

– ag féachaint d'Airteagal 283(2), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle Eorpach i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0018/2026),

– ag féachaint do Riail 134 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0038/2026),

A. de bhrí, i litir dar dáta an 30 Eanáir 2026, go ndeachaigh an Chomhairle Eorpach i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Boris Vujčić a cheapadh mar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar feadh téarma oifige 8 mbliana, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2026;

B. de bhrí go ndearna an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i bParlaimint na hEorpa measúnú ar dhintiúir Boris Vujčić, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 283(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i bhfianaise an ghá atá le neamhspleáchas iomlán BCE de bhun Airteagal 130 den Chonradh sin; de bhrí mar chuid den

[1] IO C, C/2026/707, 28.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/707/oj.

mheastóireacht sin, go bhfuair an coiste curriculum vitae ó Boris Vujčić agus na freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a cuireadh chuige;

C. de bhrí gur thionóil an coiste ina dhiaidh sin éisteacht an 25 Feabhra 2026 le Boris Vujčić, ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ina dhiaidh sin ceisteanna chomhaltaí an choiste ;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar an moladh ón gComhairle maidir le Boris Vujčić a cheapadh mar Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle agus chuig rialtais na mBallstát.